



An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0101 (NLE)

9081/26
ADD 1

JAI 549
COPEN 167
CYBER 215
ENFOPOL 164
TELECOM 223
EJUSTICE 23
MI 449
DATAPROTECT 149

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Bealtaine 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 186 final annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena gcinntear na critéir agus an nós imeachta chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle na hEorpa a bhunú a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar aontachas tríú páirtithe le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist')

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 186 final annex.

Faoi iamh: COM(2026) 186 final annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2026
COM(2026) 186 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an togra le haghaidh

Cinneadh ón gComhairle

lena gcinntear na critéir agus an nós imeachta chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle na hEorpa a bhunú a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar aontachas tríú páirtithe le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist')

IARSCRÍBHINN

Cuspóirí agus critéir chun na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle na hEorpa a bhunú i ndáil le hiarrataí ar aontú le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist')

Cuspóirí

1. Comhar idirnáisiúnta níos láidre a chur chun cinn chun an chibearchoireacht a chomhrac agus chun fianaise dhigiteach a mhalartú.
3. Urraim do chearta bunúsacha agus bunú coimircí a bhaineann le cumhachtaí níos imeachta agus le comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn.
2. Ailíniú na gcreataí reachtacha agus straitéiseacha a shaothrú.
4. Chun gníomhaíochtaí éifeachtacha fothaithe acmhainneachta a chumasú.

Critéir

Agus measúnú á dhéanamh aige ar iarraidh ar aontú le Coinbhinsiún Bhúdaipeist ó Stát nach Páirtí ann é, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na gnéithe seo a leanas:

1. Reachtaíocht chibearchoireachta: measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chumhdaítear cionta agus cumhachtaí níos imeachta Choinbhinsiún Bhúdaipeist leis an reachtaíocht intíre atá i bhfeidhm sa Stát atá ag iarraidh aontachais agus an bhfuil sé i gceist leis na hathchóirithe leanúnacha ailíniú níos dlúithe a dhéanamh leis.
2. An smacht reachta agus cearta bunúsacha: measúnú a dhéanamh gur sínitheoir creataí idirnáisiúnta chun cearta bunúsacha a chosaint é an Stát nach Páirtí é agus go bhfuil bearta curtha chun feidhme aige ar an leibhéal náisiúnta chun na cearta sin a chosaint, lena n-áirítear an ceart gan bheith faoi réir pionós atá mídhaonna nó táireach ná faoi réir phionós an bháis, agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá feidhmiú cumhachtaí níos imeachta na Stát faoi réir coinníollacha agus coimircí leordhóthanacha.
3. Ailíniú le seasamh an Aontais maidir leis an gcibearchoireacht: measúnú a dhéanamh ar a mhéid a thacaíonn an Stát atá ag iarraidh aontachais le seasaimh atá comhoiriúnach leis na seasaimh sin arna nglacadh ag an Aontas i bhfóraim idirnáisiúnta (e.g. na Náisiúin Aontaithe), go háirithe maidir le hiompair a choiriúlú, cearta bunúsacha a urramú, agus na coinníollacha agus na coimircí is infheidhme maidir le cumhachtaí níos imeachta agus bearta comhair idirnáisiúnta a urramú.
4. An leibhéal comhair atá ann faoi láthair: measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá leibhéal an chomhair idir údaráis inniúla an Aontais agus údaráis an Stáit atá ag iarraidh aontachais ábhartha agus más féidir le haontachas an Stáit is iarrthóir rannchuidiú le comhar amach anseo a chumasú, le Ballstáit den Aontas agus le Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Bhúdaipeist araon.
5. Comhar le Comhairle na hEorpa: measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhoibrigh údaráis an Stáit atá ag iarraidh aontachais le Comhairle na hEorpa agus a ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí ábhartha.